# Aonad Oibre Samplach 4
# Ranganna na Naíonán: Treodóireacht

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

| Torthaí Foghlama: Curaclam Teanga na Bunscoile | Cuspóirí Foghlama: Curaclam Corpoideachais |
|---|---|
| Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla, ba cheart go mbeadh páistí in ann…<br>TF3- Gnásanna sóisialta agus feasacht ar dhaoine eile: Feidhmiú mar chuid de ghrúpa agus roinnt focail/frásaí Gaeilge á n-úsáid.<br>TF6 - Léiriú tuisceana: Fócas Teanga: treoracha a leanúint, m.sh: "Bailigh gach rud agus tagaigí ar ais leo'<br>TF8 – Catagóiriú: Fócas Teanga: Rudaí a aithníonn siad a ainmniú, m.sh: liathróid, raicéad, pónaireán...<br>(Rogha Gaeilge: réinfhia, Daidí na Nollag, srl) | Snáithe: Gníomhaíochtaí lasmuigh & gníomhaíochtaí eachtraíochta<br><br>Snáithaonad: Siúl<br><br>Cuspóirí Curaclaim: Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:<br><br>• ní a aimsiú in achar teoranta de chlós na scoile tar éis leideanna simplí a bheith tugtha (bheith páirteach i dtóraíocht taisce) |

| Trealamh | Measúnú agus Aiseolas le linn an cheachta |
|---|---|
| Sleamhnáin don Chlár Bán<br><br>Liathróid, pónaireán, raicéad leadóige, bosca, fonsa (seit do gach grúpa don Tóraíocht Taisce).<br>Cóin de dhathanna éagsúla don Téamh Síos (2 chón do gach grúpa).<br><br>An Bhileog leis an liosta don Tóraíocht Taisce (SI. ) | Breathnóireacht an mhúinteora: Siúil timpeall le linn an cheachta ag breathnú ar na páistí. Dírigh ar fhoghlaim an ábhair agus ar úsáid na Gaeilge.<br>Torthaí Foghlama na Gaeilge: An raibh siad in ann feidhmiú mar chuid de ghrúpa agus roinnt focal Gaeilge a úsáid? (TF3) An raibh siad in ann treoracha a leanúint, m.sh ar thuig siad go raibh orthu na nithe éagsúla a bhailiú?(TF6) An raibh siad in ann an nithe ar an liosta don Tóraíocht Taisce a ainmniú? (TF8)<br><br>Idirdhealú - Roinnt: Abairtí bunúsacha a rá agus ceisteanna a chur/ Formhór: Na trealaimh/maisiúcháin Nollag a ainmniú agus a aimsiú / Gach duine: Treoracha simplí a leanúint. Grúpaí ar mheascán cumais<br><br>Cuspóirí Curaclaim Corpoideachais: An féidir leis na páistí ní a aimsiú in achar teoranta de chlós na scoile tar éis leideanna simplí a bheith tugtha?<br><br>Ceistiúchán: D'fhéadfaí ceisteanna a chur ar na páistí go rialta agus iad i mbun gníomhaíochtaí lena dtuiscint a mheas - ag deireadh an ranga le dul siar ar an bhfoghlaim ábhair agus teanga.<br><br>Féinmheasúnú/ Piarmheasúnú: Úsáid ordóga suas/síos le tuiscint na bpáistí a mheas.<br><br>Dialann an mhúinteora: D'fhéadfaí nótaí a choinneáil den téarmaíocht atá ag teastáil ó na páistí. Coinnigh taifead maidir le páistí a bhfuil cabhair bhreise uathu.<br>Féinmheasúnú an mhúinteora: An raibh mé dílis don Chorpoideachas mar ábhar? An raibh béim ar ghníomhaíochtaí coirp? An raibh mé dílis don Ghaeilge? An ndearna mé ionchur teanga oiriúnach? An raibh deiseanna fíorchumarsáide ag na páistí? |

# Aonad Oibre Samplach 4
# Ranganna na Naíonán: Treodóireacht

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

| Teanga an Mhúinteora | Teanga an Mhúinteora |
|---|---|
| **Teanga an Ranga (Bain úsáid as an bhfoirm uatha/iolra nuair is cuí)**<br>Abair é/Abraigí é<br>Béic/Béicigí/Scairt/Scairtigí amach é<br>Níos airde! Níos airde arís!<br>Ní chloisim thú/sibh<br>Cad a dúirt mé?<br>An bhfuil tú/sibh réidh?<br>An dtuigeann sibh? Ordóg suas/Ordóg síos<br>Ar aghaidh libh!<br>Déanfaidh sibh i ngrúpaí é.<br>Beidh cúigear/seisear sa ghrúpa.<br><br>**<u>Teanga na nGníomhaíochtaí</u>**<br><br>**<u>Dul siar ar an Teanga</u>**<br>**Tasc 1:Cad atá sa Bhosca? Cad atá sa Mhála?** Cad é sin? Is pónaireán é, is liathróid í, is fonsa é, is bosca é, is cón é, is raicéad é • Cad atá sa bhosca? • Cén dath atá air? • An bhfuil sé gorm? Cad atá sa bhosca, Sa bhosca, sa bhosca? Cad atá sa bhosca, Sa bhosca trom buí? Tá liathróid sa bhosca, Sa bhosca, sa bhosca, Tá liathróid sa bhosca, Sa bhosca trom buí<br>Imreoimid cluiche. Dúnaigí na súile. Osclaígí na súile. Cad a thóg mé? An-mhaith, níl raicéad sa bhosca. Tá liathróid sa bhosca.<br><br>**Tasc 2 (Rogha Nollag) Cad atá sa Mhála- Téama na Nollag. crann Nollag, Daidí na Nollag, réinfhia, fear sneachta, stoca Nollag, bronntanas. Tá crann Nollag sa mhála. Tá Daidí na Nollag sa mhála. Tá fear sneachta sa mhála. Tá xxx sa mhála.**<br><br>**Tasc 3**: An Gníomhamhrán 'Tá mé ag siúl' (Cuirfear 'Tá mé ag tóraíocht' leis amach anseo.) Tá mé ag siúl' Canfaimid amhrán. Canaimis le chéile. Bígí ag siúl. Bígí ag scipeáil. Bígí ag rith. Bígí ag léim. Ar fheabhas ar fad a pháistí. Déanaigí na geáitsí. | **Tasc 3: Lean na Treoracha**<br>Féach ar an gcomhartha.<br>Seo bun/ barr an halla/an chlóis.<br>Suígí síos ag na cóin ag bun an halla/tseomra.<br>Léimigí ar aghaidh go barr an halla, rithigí siar go bun an halla.<br>Rithigí ar aghaidh go barr an halla, siúlaigí siar go bun an halla<br>Reoigí.<br><br>**Tasc 4: Cluiche Teanga: Beir Greim Air le hUimhreacha**<br>Cón, Liathróid, Raicéad, Bosca, Fonsa, Pónaireán!<br>A hAon, A dó, A trí, a ceathair, a cúig.<br>Pioc suas an raicéad agus Tóg leat é. Ansin déanfaidh an chéad duine eile an rud céanna.<br>Rithigí go dtí an cón, piocaigí suas é, tógaigí libh é, agus filligí ar ais.<br><br>**Tasc 5:** Sleamhnáin 22-25 Plé faoin bPictiúr<br><br>Seo í Tia. Cad atá Tia ag déanamh? Hhhmmm...tá sí ag féachaint, agus tá liosta aici. Hhhhmmm...cad atá ar an liosta? Tá raicéad ar an liosta. Cad í seo? Tá liathróid ar an liosta. Agus cad é seo? An-mhaith...tá cón ar an liosta.<br>Tá Tia ag tóraíocht. Tá sí ag féachaint agus tá sí ag rá "Cá bhfuil an raicéad? Cá bhfuil an cón? Cá bhfuil an liathróid". An bhfeiceann sibhse iad?<br>Cá bhfuil an raicéad? An-mhaith, cén crann? Ar dheis nó ar chlé? Feicim anois é. Féach tá raicéad sa chrann ar thaobh na láimhe deise, ar dheis.<br>Céard faoin gcón? Cá bhfuil an cón? Feiceann tú é? Cá bhfuil sé. Cén crann? An crann ar dheis nó an ceann ar chlé? An crann ar chlé. Cá bhfuil sé? Bhfuil sé ag an mbun nó ag an mbarr? Ó féach tá sé ar bharr an chrainn. An barr. An bhfeiceann sibh é?<br>Agus cá bhfuil an liathróid? sa bhosca. An-mhaith tá an liathróid sa bhosca. M'anam! Tá sibh an-mhaith ag tóraíocht!<br>An rachaidh muidne ag tóraíocht? |

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

| Teanga na Múinteoirí | Teanga na nDaltaí |
|---|---|
| **Tasc 6: An Phríomhghníomhaíocht Treodóireachta**<br>1. **<u>Réamhullmhúchán sa Seomra Ranga:</u>**<br>Féach tá liosta agamsa! Is féidir linne tóraíocht taisce a dhéanamh freisin, cosúil le Tia.<br>Déanfaidh muidne Tóraíocht Taisce!!<br>Cuirfidh mé i ngrúpaí sibh. A haon, a dó, a trí, a ceathair, a cúig, a sé. Sibhse le chéile.<br>Cad atá ar an liosta?<br>Tá liathróid ar an liosta. Tá fonsa ar an liosta. Tá pónaireán ar an liosta. Tá raicéad ar an liosta.<br>Faigh na 6 rud-a haon, a dó, a trí, a ceathair, a cúig, a sé.<br>Faigh liathróid amháin do do ghrúpa. (Úsáid do mhéara nuair a deir tú 'amháin')<br>Faigh fonsa amháin do do ghrúpa.<br>Faigh... amháin do do ghrúpa.<br>Bailigh na rudaí. Tóg leat iad. Agus nuair atá gach rud agaibh. Tagaigí ar ais chugam.<br>Seasaigí liomsa agus ansin nuair a chloisfidh sibh an fheadóg (Taispeáin fead do na páistí) is féidir libh dul timpeall ag tóraíocht.<br>Tabhair bileog agus peann luaidhe do dhuine amháin ar gach foireann.<br>Amach linn le chéile. Siúlaigí go ciúin. Leanaigí mise.<br>Tagaigí anseo gach éinne. Nuair a chloisfidh sibh an fheadóg, is féidir tosú. Bhfuil sibh réidh ' A haon, a dó, a trí, fead'.<br>Tóg leat é/í. Liathróid amháin a Sheáin. Cuir ar ais an ceann eile.<br>An bhfuil gach rud agaibh? Cad atá agat a Sheáin? Cad atá agat a Mháire? A haon, a dó, a trí, a ceathair, a cúig, a sé. Tá gach rud agaibh! Maith sibh!<br><br>**<u>Fuarú Iaraclaíochta</u>**<br>**Tasc 7:**<br>"Tá mé ag siúl go mall, an-mhall...agus go deas socair...agus go ciúin...sin é...deas réidh. Wú-hú! Rinne mé é!!! Rinne mé é!!". An féidir leat siúl le pónaireán ar do cheann? An féidir libhse siúl le pónaireán ar bhúr gcinn?<br>Siúl chomh fada leis an gcón, cas ag an gcón agus fill ar ais.<br>Is sibhse an grúpa dearg, seasaigí ag an gcón dearg. Is sibhse an grúpa gorm, seasaigí ag an gcón gorm. | Liathróid, fonsa, pónaireán, raicéad leadóige, bosca, cón.<br>[Nó Daidí na Nollag, bronntanas, crann Nollag, réinfhia, stoca Nollag, fear sneachta srl.]<br><br>Tá _____ agam.<br>Tá _______ sa bhosca, sa mhála, sa chrann.<br>Ar dheis/ Ar chlé.<br><br>Cad atá sa bhosca, Sa bhosca, sa bhosca? Cad atá sa bhosca, Sa bhosca trom buí? Tá liathróid sa bhosca, Sa bhosca, sa bhosca, Tá liathróid sa bhosca, Sa bhosca trom buí<br><br>Tá mé ag siúl,/Tá mé ag siúl,/Hé hó mo Dhaidí ó/ Tá mé ag siúl<br>Tá mé ag léim/ Tá mé ag léim / Hé hó mo Dhaidí ó / Tá mé ag rith<br>Tá mé ag rith/ Tá mé ag rith/ Hé hó mo Dhaidí ó/ Tá mé ag rith<br>Tá mé ag scipeáil/ Tá mé ag scipeáil/ Hé hó mo Dhaidí ó/ Tá mé ag scipeáil<br>Tá mé ag tóraíocht/ Tá mé ag tóraíocht/ Hé hó mo Dhaidí ó/ Tá mé ag tóraíocht.<br><br>a haon, a dó, a trí, a ceathair, a cúig, a sé.<br><br>Teanga Bhreise Roghnach:<br>Fuair mé xxx<br>Feicim liathróid. Feicim cón srl. |

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil an acmhainn seo beartaithe mar threoir inoiriúnaithe. Tugann sé rogha do mhúinteoirí na gníomhaíochtaí agus na tascanna a athrú, a leathnú, nó a shrianú, mar is cuí dá gcomhthéacs.

## Suíomh: Seomra Ranga

- **Tasc 1:Cad atá sa Bhosca? Cad atá sa Mhála?** Téigh siar ar an dán 'Cad atá sa Bhosca' leis na páistí, imir Cluiche Kim agus iarr orthu an cluiche 'Cad atá sa Mhála?' a imirt.
- **(Rogha Nollag) Cad atá sa Mhála- Téama na Nollag.** Bain úsáid as 6 ní a bhaineann leis an Nollaig (rogha an mhúinteora). Úsáid maisiúcháin Nollag agus cuir ceann acu sa mhála ag an am. Beidh ar na páistí an rud a mhothú tríd an mála agus buille faoi thuairim a thabhairt ar cad atá ann.
- **Tasc 2: An Gníomhamhrán** 'Tá mé ag siúl' (Cuirfear 'Tá mé ag tóraíocht' leis amach anseo.). Téigh siar ar an nGníomhamhrán 'Tá mé ag siúl'.

## Suíomh: Halla Spóirt/Clós na Scoile

- **Tasc 3: Lean na treoracha** (Sleamhnán 18) Ar dtús, Cuir i gcuimhne do na páistí go gciallaíonn XXX barr an halla. Cuir an comhartha XXX ag barr an halla. Cuir na páistí ina suí ag bun an halla. Iarr ar na paistí siúl leat go barr an halla agus siúl ar ais go bun an halla. Úsáid na téarmaí ar aghaidh agus siar. Ansin tabhair treoracha éagsúla do na páistí m.sh. Rithigí ar aghaidh go barr an halla, siúlaigí siar go bun an halla nó Léimigí ar aghaidh go barr an halla, rithigí siar go bun an halla.
- **Tasc 4: Cluiche Teanga: Beir Greim Air (Nua).** Chuir na páistí i ngrúpaí de chúigear. Chuir i líne iad. Tabhair uimhir do gach páiste. Cuir ceist orthu cúpla uair le cinntiú go bhfuil siad in ann a rá leat cén uimhir iad. Ansin mínigh don rang go bhfuil tú chun píosa trealaimh a ghlaoch amach, mar shampla 'liathróid' agus ansin go bhfuil tú chun Uimhir a rá. Beidh ar an bpáiste leis an uimhir sin i ngach grúpa rith suas agus an liathróid a bhailiú, a thógáil leo agus a thabhairt ar ais don ghrúpa. Abair 'Tóg leat é' go minic chun go bhfuil an teanga sin ar an gcluas acu. Lean ort go bhfuil rud bailithe ag gach páiste. (Rogha: Lig do roinnt páistí an píosa trealaimh agus an uimhir a ghlaoch amach).

## Ullmhú don Treodóireacht sa Seomra Ranga

**Tasc 5:** Úsáid an pictiúr chun caint leis na páistí faoi cad is Tóraíocht Taisce ann agus chun dul siar ar roinnt den fhoclóir. Tá comhrá samplach ar Shleamhnán 22. Ansin ullmhaigh na páistí dá dToraíocht Taisce féin. Pléigh an bhileog don Tóraíocht Taisce agus na 6 rud a bheidh le haimsiú acu. Cuir na páistí i ngrúpaí. Cinntigh go dtuigeann siad cad a bheidh le déanamh acu sula dtéann siad amach. Bíodh peann luaidhe agus bileog ag duine amháin ó gach grúpa.

## Suíomh: Clós na Scoile

**Tasc 6:  Príomhghníomhaíocht - An Tóraíocht Taisce (Tréimhse Cumarsáide).** Tóg na páistí amach go clós na scoile. Má tá 5 ghrúpa agat bíodh 5 fhonsa, 5 liathróid, 5 phónaireán, 5 raicéad, 5 bhosca agus 5 chón i bhfolach timpeall an chlóis (cuid acu an-éasca le feiceáil chun cabhrú leis an tús). Bailigh na páistí le chéile, abair leo seasamh ina ngrúpaí, cinntigh arís go dtuigeann siad cad atá le déanamh. Séid feadóg nuair is féidir leo tosú. Ritheann na páistí timpeall ina ngrúpaí agus bailíonn siad na 6 rud ar an liosta ansin tagann siad ar ais chugat. Téigh timpeall ag na grúpaí chun a liosta a sheiceáil. Cuir ceist ar na páistí faoi cad atá acu agus déan na nithe a bailíodh a chomhaireamh leo.
**(Rogha: Tóraíocht Taisce Nollag)** Tá treoracha maidir le Tóraíocht Taisce Nollag ar Shleamhnán 29-30. Beidh an réamh-ullmhúchán díreach mar an gcéanna, ach amháin go mbeidh maisiúcháin Nollag le haimsiú ag na páistí.

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil an acmhainn seo beartaithe mar threoir inoiriúnaithe. Tugann sé rogha do mhúinteoirí na gníomhaíochtaí agus na tascanna a athrú, a leathnú, nó a shrianú, mar is cuí dá gcomhthéacs.

**Tasc 7: Fuarú iaraclaíochta** Cuir na páistí ag seasamh go ciúin ag éisteacht. Déanfaidh an múinteoir múnlóireacht ar dtús: Tosaigh ag siúl timpeall leis an bpónaireán ar do chloigeann. Déan iarracht siúl ó chón go cón. Bí ag caint leat féin...”Tá mé ag siúl go mall, an-mhall...agus go deas socair...agus go ciúin...sin é...deas réidh. Wú-hú! Rinne mé é!!! Rinne mé é!!”. Féach an féidir le páiste eile é a dhéanamh- lámha síos, téigh go mall, sin é. Ansin, déan dul siar ar na dathanna agus na páistí á gcur i ngrúpaí agat. Tabhair dath éagsúil do gach grúpa agus iarr orthu seasamh ag an gcón a bhfuil an dath sin air. “Seas ag an gcón dearg”.  Cuir timpeall ceathrar i ngach grúpa. Ar an bhfeadóg caithfidh an chéad pháiste  siúl chomh fada leis an gcón trasna uathu agus an pónaireán ar a cheann agus ar ais. Tugann siad an mála pónaire go dtí an chéad duine eile agus déanfaidh siad an rud céanna. Lean ort go dtí go bhfaigheann gach páiste cúpla seans.

## Suíomh: Seomra Ranga
## Trealamh: Teilifís chliste, PowerPoint

- Is féidir athneartú a dhéanamh ar theanga nua an cheachta seo (mar shampla na huimhreacha) ag baint úsáid as na straitéisí céanna - rann, amhrán, dán agus cluiche teanga arís agus arís eile. Tá a thuilleadh smaointe ar Shleamhnán 24 maidir le scéal ranga a chruthú nó na páistí a chur ag tarraingt agus ag caint faoina gcuid pictiúr.

## Tagairtí


- Corpoideachas: Treoirlínte do Mhúinteoirí 1999 (Lch 91)
- Curaclam Teanga na Bunscoile/Primary Language Curriculum 2019
- Mata sa Naíonra (Gaeloideachas) https://gaeloideachas.ie/matasanaionra/4-scealta/
- Tionscnamh Spóirt i mBunscoileanna (PSSI) 1999 (Curaclam na Bunscoile 1999 Corpoideachas (Lch 23)

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

**Nótaí an Mhúinteora:**

D'fhéadfá nótaí a choinneail den téarmaíocht atá ag teastáil ó na páistí. Coinnigh taifead maidir le páistí a bhfuil cabhair bhreise de dhíth orthu ó thaobh na teanga de nó an chorpoideachais de. Nó breac nótaí breise síos maidir le hoiriúnacht an cheachta.